2024/2757

24.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2757 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Fraince, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Fraince,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300, mír 2, den Chonradh, beidh an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 ([2]) lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Denis MEYNENT éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na Fraince Pascal DEBAY, *Membre du secrétariat du Comité Régional de la Confédération Générale du Travail (CGT) - Grand Est* (comhalta de Rúnaíocht Choiste Réigiúnach Chónaidhm Ghinearálta an tSaothair (CGT) - Grand Est), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Pascal Debay, *Membre du secrétariat du Comité Régional de la Confédération Générale du Travail (CGT) - Grand Est* (comhalta de Rúnaíocht Choiste Réigiúnach Chónaidhm Ghinearálta an tSaothair (CGT) - Grand Est), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/853/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1392/oj).